C/2026/3891

16.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12457 — Indorama / BLACKSTONE / EPL / INDOVIDA INDIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3891)

1. An 8 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Indorama Netherlands B.V. ('Indorama', an Ísiltír), atá faoi rialú indíreach ag Indorama Ventures Public Company Limited ('IVL Group', an Téalainn),

— Epsilon Bidco Pte. Ltd. ('Epsilon', Singapór), faoi rialú ag cleamhanaithe Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),

— EPL Ltd. ('EPL', an India),

— Indovida India Pte. Ltd. ('Indovida'), an India, faoi rialú ag Indorama.

Gheobhaidh Indorama agus Epsilon rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar EPL lena n-áirítear Indovida (arna ionsú ag EPL).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Indorama laistigh de IVL Group gan aon ghníomhaíocht monaraíochta, trádála ná oibríochtúil eile,

— Is ilchuideachta dhomhanda é IVL Group atá i mbun gnólachtaí éagsúlaithe (roisíní, snáithíní, pacáistiú, athchúrsáil, agus ceimiceáin speisialtachta lena soláthraítear réitigh),

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é Epsilon nach bhfuil aon ghníomhaíocht monaraíochta ná trádála eile aige.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais EPL, lena n-áirítear Indovida:

— táirgí pacáistíochta a mhonarú agus a dhíol lena n-áirítear feadáin phlaisteacha lannacha agus easbhrúite, caipíní agus dúntáin, lannáin, agus táirgí pacáistíochta dochta TPE lena n-áirítear réamhfhoirmeacha TPE, buidéil TPE, agus dúntáin TPE.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12457 – INDORAMA / BLACKSTONE / EPL / INDOVIDA INDIA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË